


# Cluichí Mata x 10
## Rang 3 (aois 7/8)
# **Nótaí Múinteora**

Coláiste Ollscoile Naomh Muire Béal Feirste
An tÁisaonad

Urraithe ag
Foras na Gaeilge


Matamaitic Bhunscoile Collins


| Cluiche | Treoracha | Trealamh | Foclóir |
|---|---|---|---|
| **Tóg an Teach**<br>*Cluiche do 2, 3 nó 4* | • Ar do sheal, rothlaigh an rothlóir.<br>• Socraigh cén uimhir atá le cur le d'uimhir le 20 a dhéanamh. Bain úsáid as an sconsa le cuidiú leat.<br>• Clúdaigh an uimhir sin le ceann de do chiúbanna.<br>• Téann ciúb amháin ar gach bríce.<br>• Má tá an uimhir clúdaithe cheana féin, caill seal.<br>• Bíonn an bua ag an imreoir leis an líon is mó ciúbanna ar an teach. | Ciúbanna daite an duine - dath difriúil ag gach duine<br>Rothlóir | suimigh<br>dealaigh<br>cuir le chéile<br>bain ar shiúl<br>cá mhéad eile?<br>sconsa |

**Sprioc an chluiche:**
Ciúbanna a chur ar na huimhreacha ar bhrící an tí. Cuntas ar aghaidh ón uimhir atá léirithe ar an dísle nó an difear idir an uimhir ar an dísle agus 20 a oibriú amach.

## Curaclam/Scileanna

**Próisis sa Mhatamaitic**
Teanga mhatamaiticiúil a thuiscint agus na páistí a bheith in ann í a úsáid le labhairt ar a gcuid oibre.
Patrúin agus gaolta simplí a aithint.
Bheith eolach ar dhóigheanna lena gcuid oibre a sheiceáil.
**Uimhreas**
Uimhreacha a shuimiú agus a dhealú go 20.
An gaol idir suimiú agus dealú a thuiscint.






| Cluiche | Treoracha | Trealamh | Foclóir |
|---|---|---|---|
| **Nathracha agus Dréimirí**<br><br>*Cluiche do 2, 3 nó 4* | • Ar do sheal, caith an dísle.<br>• Bog an oiread sin spásanna.<br>• Má stopann tú ar chearnóg dhearg, abair cá mhéad 10 eile a ghlacfaidh sé le dul go 100.<br>• Má stopann tú ag bun dréimire, abair cá mhéad 10 a ghlacfaidh sé leis an uimhir ag barr an dréimire a bhaint amach.<br>• Má stopann tú ar chloigeann nathrach, abair cá mhéad 10 a ghlacfaidh sé leis an uimhir ag bun na nathrach a bhaint amach.<br>• Má tá an ceart agat, thig leat bogadh chun tosaigh, dul suas dréimire nó fanacht ar chloigeann nathrach.<br>• Má tá tú contráilte, fan san áit a bhfuil tú, nó gabh síos nathair. | Dísle<br>Licín do gach imreoir<br> | cá mhéad 10?<br>iolraigh sin faoi…<br>an iolrú de 10 é sin?<br>10 iolraithe faoi …<br>sin a … |

**Sprioc an chluiche:**
An deireadh a bhaint amach trí na saigheada a leanúint ar an chluiche. Bíonn an bua ag an chéad duine a bhaineann an deireadh amach. Bíonn na páistí ag cleachtadh iolraithe de 10 agus ag daingniú an eolais sin.

## Curaclam/Scileanna

**Próisis sa Mhatamaitic**
Teanga mhatamaiticiúil a thuiscint agus bheith in ann í a úsáid le labhairt ar a gcuid oibre.
Ábhair agus matamaitic chuí a roghnú don tasc.
A modh oibre a mhíniú.

**Uimhreas**
Iolraithe de 10 go dtí 100.
Bheith eolach ar fhíricí iolraithe.



| Cluiche | Treoracha | Trealamh | Foclóir |
|---|---|---|---|
| **An Bealach Abhaile**<br><br>*Cluiche do 2, 3 nó 4* | • Cuir licín san áit thosaigh. Is féidir imirt le 1, 2, 3, 4 licín.<br>• Ar do sheal, caith an dísle.<br>• Bog do licín an oiread sin spásanna.<br>• Lean an tsaighead agus bog thart ar chearnóg an chluiche go dtí go dtagann tú ar ais chuig an chosán ar a bhfuil do dhath.<br>• Má stopann tú ar chearnóg oráiste, tóg Dúbailt-Chárta.<br>• Má stopann tú ar chearnóg chorcra, tóg Leath-Chárta.<br>• Má thugann tú an freagra ceart, bog 2 spás chun tosaigh.<br>• Má tá tú contráilte, bog siar 2 spás.<br>• Nuair a bhaineann tú an baile amach le licín amháin, tosaigh le ceann eile.<br>• Bíonn an bua ag an chéad duine lena licín(í) a thabhairt abhaile. | Dísle<br>1-4 licín an duine<br>Dúbailt-Chártaí<br>Leath-Chártaí | cad é an treo a rachaidh tú?<br>cad é leath de<br>cad é leathchuid de dúbail<br>dúbailt na huimhreach …<br>déan an uimhir sin a dhúbailt<br>an dtig leat sin a dhúbailt? |

**Sprioc an chluiche:**
Licín(í) a thabhairt ó do rogha cearnóg mhór dhaite go dtí an baile. Ag bráth ar an am ba mhaith leat a chaitheamh ar an chluiche, socraigh líon na licíní a bheidh ag gach imreoir roimh ré. Bíonn na páistí ag oibriú amach leatha agus dúbailtí go 100 agus iad ag imirt. Éireoidh siad níos gasta leis na freagraí le cleachtadh.


## Curaclam/Scileanna

**Próisis sa Mhatamaitic**

Teanga mhatamaiticiúil a thuiscint agus bheith in ann í a úsáid le labhairt ar a gcuid oibre.
Ábhair agus matamaitic chuí do thasc a roghnú.
Patrúin agus gaolta simplí a aithint agus tuartha a dhéanamh.
A modh oibre a mhíniú.
Bheith eolach ar dhóigheanna lena gcuid oibre féin a sheiceáil.

**Uimhreas**

Uimhreacha a roinnt ina dhá leath agus a dhúbailt go 100.




| Cluiche | Treoracha | Trealamh | Foclóir |
|---|---|---|---|
| **0-99**<br><br>*Cluiche do 2, 3 nó 4* | • Ar do sheal, rothlaigh na rothlóirí.<br>• Bain úsáid as na huimhreacha agus déan uimhir aon digit nó dhá dhigit.<br>• Clúdaigh an uimhir sin ar do ghréasán le ceann de na ciúbanna.<br>• Bíonn an bua ag an chéad duine a chlúdaíonn, ar a laghad, dhá uimhir i ngach sraith. | 2 rothlóir<br>Ciúbanna daite an duine – dath difriúil ag gach imreoir | Digití<br>uimhir aon/dhá dhigit<br>aonaid<br>deicheanna<br>gréasán<br>sraith<br>colún |

**Sprioc an chluiche:**
Go ndéanfaidh na páistí uimhreacha leis na rothlóirí agus go gcláróidh siad ar an chluiche iad. Bíonn siad ag plé ionadluach na n-uimhreacha ar an rothlóir, aonaid agus deicheanna, agus ag iarraidh sin a cheangal leis an uimhir dheireanach. Tabhair faoi deara go léiríonn 0 ar rothlóir na ndeicheanna gur uimhir aon digit atá ann ar an chluiche. Mol plé agus míniú agus iad ag imirt.

## Curaclam/Scileanna
**Próisis sa Mhatamaitic**
Teanga mhatamaiticiúil a thuiscint agus bheith in ann í a úsáid le labhairt ar a gcuid oibre.
Ábhair agus matamaitic chuí a roghnú don tasc.
Réimse de chuir chuige a fhorbairt le fadhbanna a réiteach.
Tosú a eagrú a gcuid oibre agus a oibriú go córasach.
Patrúin agus gaolta simplí a aithint agus tuartha a dhéanamh.
A modh oibre a mhíniú.
Bheith eolach ar dhóigheanna lena gcuid oibre féin a sheiceáil.
**Uimhreas**
Ionadluach.
Uimhreacha dhá dhigit a dhéanamh.








| Cluiche | Treoracha | Trealamh | Foclóir |
|---|---|---|---|
| **Sciorradh agus Sleamhnú**<br>*Cluiche do 2, 3 nó 4* | • Ar do sheal, caith an dísle.<br>• Bog an oiread sin spásanna síos an cosán.<br>• Má stopann tú ar chearnóg ghorm, socraigh cé acu a sciorrfaidh tú chun tosaigh nó a shleamhnóidh tú siar chuig an 10 is cóngaraí.<br>• Bíonn an bua ag an chéad imreoir a bhaineann an deireadh amach. | Dísle<br>Licín an duine | cóngarach<br>is cóngaraí<br>meastachán<br>sciorradh<br>sleamhnú |

**Sprioc an chluiche:**
An deireadh a bhaint amach trí do bhealach a dhéanamh feadh an chosáin. Ar na cearnóga gorma, caithfear socrú ar an áit a bhfuil an 10 is cóngaraí. Cuntais na cearnóga ar an dá thaobh den chearnóg ghorm chuig an chéad 10 eile agus oibrigh amach cé acu is cóngaraí. Más gá dul siar, ní mór dul siar.

## Curaclam/Scileanna

**Próisis sa Mhatamaitic**
Teanga mhatamaiticiúil a thuiscint agus bheith in ann í a úsáid le labhairt ar a gcuid oibre.
Patrúin agus gaolta simplí a aithint agus tuartha a dhéanamh.
A modh oibre a mhíniú.
Bheith eolach ar dhóigheanna lena gcuid oibre féin a sheiceáil.
**Uimhreas**
Meastacháin a dhéanamh go dtí an 10 is cóngaraí.






| Cluiche | Treoracha | Trealamh | Foclóir |
|---|---|---|---|
| **Ó Thaobh go Taobh**<br>*Cluiche do 3 nó 4* | • Cuir do licín ar cheann de na tithe.<br>• Ar do sheal, bog chuig spás a bhfuil an dath céanna air agus atá ar do theach.<br>• Abair uimhir ar mhaith leat bogadh chuici. Roghnaigh ceann go díreach in aice leis an uimhir ar a bhfuil tú.<br>• Abair áireamh atá de dhíth le bogadh chuig an uimhir sin.<br>• Má tá tú contráilte, bain triail arís as ar do chéad seal eile.<br>• Lean ort ag bogadh go dtí go mbaineann tú an taobh eile amach. | Licín an duine<br>Peann luaidhe<br>Páipéar<br>Áireamhán<br> | áireamh/áirimh<br>suimigh<br>dealaigh<br>roinnt<br>iolrú<br>áireamhán |

**Sprioc an chluiche:**
Bíonn imreoirí ag bogadh ó chlé go deas agus imreoirí eile ag bogadh ó dheas go clé leis an taobh eile a bhaint amach. Bíonn saoirse ag na páistí na háirimh a dhéanamh iad féin nó a dhéanamh ar áireamhán. Thig leo bheith simplí nó casta. Cuidíonn sé na háirimh a scríobh nó a oibriú amach ar áireamhán má tá áirimh chasta ann.

## Curaclam/Scileanna

**Próisis sa Mhatamaitic**
Teanga mhatamaiticiúil a thuiscint agus bheith in ann í a úsáid le labhairt ar a gcuid oibre.
Ábhair agus matamaitic chuí a roghnú do thasc.
Réimse de chuir chuige a fhorbairt le fadhbanna a réiteach.
Tosú a eagrú a gcuid oibre agus a oibriú go córasach.
A gcuid oibre a léiriú ar dhóigh shoiléir eagraithe.
Patrúin agus gaolta simplí a aithint agus tuartha a dhéanamh.
A modh oibre a mhíniú.
Bheith eolach ar dhóigheanna lena gcuid oibre féin a sheiceáil.
**Uimhreas**
Áirimh a bhaineann le dhá uimhir a chumadh.







| Cluiche | Treoracha | Trealamh | Foclóir |
| --- | --- | --- | --- |
| **Píosa Pizza**<br>*Cluiche do bheirt* | • Ar do sheal, rothlaigh an rothlóir.<br>• Roghnaigh slisín pizza don phizza ar an chluiche a bhfuil an líon céanna codanna ann agus atá ar an rothlóir.<br>• Caithfidh an slisín a bheith ar cóimhéid leis an spás ar an phizza.<br>• Bíonn an bua ag an chéad imreoir a chlúdaíonn gach pizza. | Rothlóir<br>Píosaí pizza do gach duine | leath/leathchuid<br>ceathrú cuid<br>trian den phizza<br>an ionann é?<br>is ionann iad<br>trian/trianta<br>leath/leatha<br>ceathrú/ceathrúna |

**Sprioc an chluiche:**
Caithfidh na himreoirí gach pizza ar a gcuid féin den chluiche a chlúdach. Bíonn na páistí ag ainmniú codáin ar an rothlóir agus ansin, ag meaitseáil an chodáin sin leis an spás ar an chluiche. Mol plé agus míniú agus iad ag imirt.

## Curaclam/Scileanna

**Próisis sa Mhatamaitic**
Teanga mhatamaiticiúil a thuiscint agus bheith in ann í a úsáid le labhairt ar a gcuid oibre.
Ábhair agus matamaitic chuí a roghnú don tasc.
Tosú a eagrú a gcuid oibre agus a oibriú go córasach.
A gcuid oibre a léiriú ar dhóigh shoiléir eagraithe.
A modh oibre a mhíniú.
Bheith eolach ar dhóigheanna lena gcuid oibre féin a sheiceáil.
**Uimhreas**
**Codáin**
Gnáthchodáin shimplí a aithint agus a úsáid; leatha,
ceathrúna agus trianta.






| Cluiche | Treoracha | Trealamh | Foclóir |
|---|---|---|---|
| **An Díolachán**<br><br>*Cluiche do 2, 3 nó 4* | • Tosaigh ag an doras tosaigh.<br>• Ar do sheal, caith an dísle agus bog an oiread sin spásanna.<br>• Bog i dtreo ar bith is mian leat, ach tabhair cuairt ar gach stainnín.<br>• Ag gach stainnín, tóg cárta ceannaigh.<br>• Lean na treoracha ar an chárta agus ceannaigh rud.<br>• Caithfidh tú rud a cheannach ag gach stainnín.<br>• Pléigh an t-airgead a úsáidfidh tú agus an briseadh leis na himreoirí eile.<br>• Bíonn an bua ag an duine a bhfuil an méid is mó airgid aige/aici ag an deireadh. | Dísle<br>Luach £2 de bhoinn airgid<br>Licín an duine<br>Cártaí ceannaigh | stainnín<br>briseadh<br>boinn airgid |

**Sprioc an chluiche:**
Cuairt a thabhairt ar gach stainnín agus rud a cheannach ann. Léireoidh an cárta ceannaigh an rud atá le ceannach. Bíonn plé agus cinneadh le déanamh maidir le líon na mbonn, dath na mbonn agus luach na mbonn. Cuirfidh na páistí eolas ar airgead, an dóigh a gcuirtear boinn le chéile agus na boinn atá ann.

## Curaclam/Scileanna

**Próisis sa Mhatamaitic**
Teanga mhatamaiticiúil a thuiscint agus bheith in ann í a úsáid le labhairt ar a gcuid oibre.
Ábhair agus matamaitic chuí a roghnú don tasc.
Réimse de chuir chuige a fhorbairt le haghaidh réiteach fadhbanna.
Tosú a eagrú a gcuid oibre agus a oibriú go córasach.
A gcuid oibre a léiriú ar dhóigh shoiléir eagraithe.
Patrúin agus gaolta simplí a aithint agus tuartha a dhéanamh.
A modh oibre a mhíniú.
Bheith eolach ar dhóigheanna lena gcuid oibre féin a sheiceáil.
**Uimhreas, Airgead**
Boinn a aithint agus a úsáid. Airgead a shuimiú agus a dhealú go £2.
Cinneadh a dhéanamh ar an dóigh le hairgead a chaitheamh.





| Cluiche | Treoracha | Trealamh | Foclóir |
|---|---|---|---|
| **An Giorria agus an Toirtís**<br>*Cluiche do bheirt* | • Socraigh cé a bheidh mar ghiorria agus cé a bheidh mar thoirtís.<br>• Ar do sheal, caith an dísle agus bog an oiread sin spásanna.<br>• Má stopann tú ar spás glas, tóg cárta.<br>• Lean na treoracha.<br>• Cuir ar ais an cárta chuig bun an charnáin.<br>• Bíonn an bua ag an chéad imreoir a bhaineann an bhratach amach.<br> | Dísle<br>Licín an duine<br>Cártaí ama | seachtain<br>coicís<br>na séasúir<br>míonna na bliana<br>earrach<br>samhradh<br>fómhar<br>geimhreadh<br>Eanáir<br>Feabhra<br>Márta<br>Aibreán<br>Bealtaine<br>Meitheamh<br>Iúil<br>Lúnasa<br>Meán Fómhair<br>Deireadh Fómhair<br>Samhain<br>Nollaig |

**Sprioc an chluiche:**
An deireadh a bhaint amach i ndiaidh dul thart ar an bhliain iomlán. Bíonn constaicí ann sna cártaí agus bogadh siar nó chun tosaigh i gceist leo. Is ionann spás amháin agus seachtain. Má iarrtar ort dul chuig an dara seachtain déag m.sh., cuntais na seachtainí ó thús an chluiche, beidh bogadh chun tosaigh nó siar i gceist.

## Curaclam/Scileanna

**Próisis sa Mhatamaitic**
Teanga mhatamaiticiúil a thuiscint agus bheith in ann í a úsáid le labhairt ar a gcuid oibre.
Ábhair agus matamaitic chuí a roghnú don tasc.
Tosú a eagrú a gcuid oibre agus a oibriú go córasach.
A gcuid oibre a léiriú ar dhóigh shoiléir eagraithe.
Patrúin agus gaolta simplí a aithint agus tuartha a dhéanamh.
Ceisteanna oscailte a chur agus a fhreagairt.
A modh oibre a mhíniú.
Bheith eolach ar dhóigheanna lena gcuid oibre féin a sheiceáil.
**Tomhais, Am**
Séasúir, míonna, laethanta, patrúin féilire a fhiosrú.





| Cluiche | Treoracha | Trealamh | Foclóir |
|---|---|---|---|
| **Cruthanna sna Cathracha**<br><br>*Cluiche do 2, 3 nó 4* | • Cuir do licín ar an veain.<br>• Ar do sheal, caith an dísle.<br>• Bog an oiread sin spásanna.<br>• Bog i dtreo ar bith is mian leat, ach tabhair cuairt ar gach cathair.<br>• Nuair a bhaineann tú cathair amach, fág clúdach a bhfuil an cruth céanna air ann.<br>• Abair rud éigin faoin chruth sin leis na himreoirí eile.<br>• Má stopann tú ar spás a bhfuil cruth air, abair rud éigin faoin chruth sin.<br>• Má stopann tú ar chearnóg bhuí, caill seal.<br>• Bíonn an bua ag an chéad duine a fhágann clúdach i ngach cathair. | Dísle<br>Licín an duine<br>Clúdaigh do gach duine<br><br>+<br>cártaí clúdaigh le cruthanna<br> | cearnóg<br>ciorcal<br>dronuilleog<br>triantán<br>heicseagán<br>peinteagán<br>slios/sleasa<br>cá mhéad slios?<br>líon na sleasa<br>díreach<br>cuartha<br>coirnéal |

**Sprioc an chluiche:**
Cuairt a thabhairt ar gach cathair agus clúdach a fhágáil inti. Caithfear cur síos ó bhéal a dhéanamh ar an chruth atá ar an chlúdach agus an téarmaíocht chuí a úsáid. Daingníonn sé seo an téarmaíocht a bhaineann leis na cruthanna agus éireoidh na páistí cleachta leis le taithí.

## Curaclam/Scileanna

**Próisis sa Mhatamaitic**
Teanga mhatamaiticiúil a thuiscint agus bheith in ann í a úsáid le labhairt ar a gcuid oibre.
Tosú a eagrú a gcuid oibre agus a oibriú go córasach.
A gcuid oibre a léiriú ar dhóigh shoiléir eagraithe.
Patrúin agus gaolta simplí a aithint agus tuartha a dhéanamh.
Ceisteanna oscailte a chur agus a fhreagairt.
A modh oibre a mhíniú.
Bheith eolach ar dhóigheanna lena gcuid oibre féin a sheiceáil.

**Cruth agus Spás**
Cruthanna 2T a ainmniú agus cur síos a dhéanamh orthu. Tréithe na gcruthanna; cearnóga, ciorcail, dronuilleoga, triantáin, heicseagáin, peinteagáin, ochtagáin.



**Eolas faoin phacáiste seo:**

Baineann an tacar seo cluichí le pacáiste níos mó de chluichí tábla matamaitice.
Cuimsíonn an pacáiste seo 5 leibhéal éagsúla, mar atá:

**Cluichí Dearga:** *dírithe ar Rang 1/aois 5/6* **X 10**
**Cluichí Buí:** *dírithe ar Rang 2/aois 6/7* **X 10**
**Cluichí Glasa:** *dírithe ar Rang 3/aois 7/8* **X 10**
**Cluichí Gorma:** *dírithe ar Rang 4/aois 8/9* **X 20**
**Cluichí Muirghorma:** *dírithe ar Rang 5/aois 9/10* **X 20**

Gabhann áiseanna breise (cártaí, rothlóirí srl.) le cuid mhaith de na cluichí seo. Mholfadh muid duit na leathanaigh seo a fhótachóipeáil agus an bunleathanach a choinneáil sábháilte. Cuirfear na háiseanna seo ar fáil lena n-íoslódáil ó www.aisaonad.org.